



**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

**An Ardteistiméireacht 2019**

**Scéim Mharcála**

**GAEILGE**

**Gnáthleibhéal**

## **Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Is éard atá sa cháipéis fhoilsithe seo ná an scéim chríochnaithe mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuilleanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

## **Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**Páipéar I (160 marc)**

**Cuid I - Cluastuiscint - 60 marc**

<b>(i)</b>	Tuiscint	=	<b>60 marc</b>
<b>(ii)</b>	Cumas Gaeilge	-	<b>(0-6) marc</b>
<b>(iii)</b>	<b>Iomlán</b>	=	

**Cuid A: 24 marc (Eolas)**

Fógra 1: 3 mharc x 4 = 12 mharc

Fógra 2: 3 mharc x 4 = 12 mharc

**12 + 12 = 24 marc**

**Cuid B: 24 marc (Eolas)**

Comhrá 1: 3 mharc x 4 = 12 mharc

Comhrá 2: 3 mharc x 4 = 12 mharc

**12 + 12 = 24 marc**

**Cuid C: 12 mharc (Eolas)**

Píosa 1: 3 mharc x 2 = 6 mharc

Píosa 2: 3 mharc x 2 = 6 mharc

**6 + 6 = 12 mharc**

**24 + 24 + 12 = 60**

**Bainfear ó 0 go 6 ar chaighdeán na Gaeilge.**

## Triail Chluastuisceana

### Cuid A

#### Fógra 1 (Canúint Uladh)

Seo fógra ó RTÉ Raidió na Gaeltachta. Cuirfidh RTÉ Raidió na Gaeltachta comórtas amhrán ar siúl i mí Eanáir. *Cum Amhrán* is ainm don chomórtas seo. Tá an comórtas seo dírithe ar dhaoine óga a bhfuil suim acu i ngach saghas ceoil. Le cur isteach ar an gcomórtas seo, caithfidh na hiarrthóirí amhrán a chumadh i nGaeilge agus ceol a chur leis na liricí, agus ansin físeán a dhéanamh de dhuine ag canadh an amhráin. Gheobhaidh an buaiteoir duais míle euro. Tá gach eolas faoin gcomórtas ar fáil ach ríomhphost a sheoladh chuig [ceol@rnag.ie](mailto:ceol@rnag.ie). Is é an t-ochtú lá is fiche de mhí Eanáir an dáta deireanach le haghaidh na n-iontrálacha.

#### Fógra 2 (Canúint Chonnacht)

Seo fógra ó Chumann na bhFeirmeoirí i nGaillimh. Tá an cumann ag eagrú cruinniú poiblí in Óstán na Trá sa Spidéal oíche Dé Céadaoin seo chugainn. Tosóidh an cruinniú seo ar leathuair tar éis a hocht. Déanfar plé ag an gcruinniú ar an tionchar a bhí ag an aimsir ar chúrsaí feirmeoireachta in Éirinn le bliain anuas. Bhí aimsir an-fhliuch ann san earrach. Bhí na páirceanna faoi uisce agus b'éigean do na feirmeoirí na hainmhithe a choimeád istigh. Bhí teas mór agus triomach millteanach ann sa samhradh agus chuir siad sin isteach ar fhás an fhéir. Faoi láthair, tá imní mhór ar na feirmeoirí nach mbeidh go leor fodair acu do na hainmhithe an geimhreadh seo. Déanfaidh Uachtarán Chumann na bhFeirmeoirí caint speisialta ag an gcruinniú.

### Cuid B

#### Comhrá 1 (Canúint na Mumhan)

##### An Chéad Mhír

**Cathal:** Fáilte ar ais abhaile, a Shíle. Ní fhaca mé thú ó bhí tús an tsamhraidh ann. Cá raibh tú?

**Síle:** Bhuel, a Chathail, chaith mé an samhradh ar fad i nDún Garbhán. Bhí post samhraidh agam ansin.

**Cathal:** Cá raibh tú ag obair?

**Síle:** Bhí mé ag obair i siopa rothar sa bhaile mór.

**Cathal:** I siopa rothar? Conas a fuair tú post i siopa rothar i nDún Garbhán?

**Síle:** Bhuel, bhí oibrí breise ag teastáil ann mar tá fás ar líon na ndaoine a thógann rothair ar cíos sa cheantar. Ar chuala tú caint riamh ar an nglasbhealach, Rian Glas na nDéise?

**Cathal:** Chuala. Tá a fhios agam go bhfuil an glasbhealach, Rian Glas na nDéise, idir Dún Garbhán agus cathair Phort Láirge. Ach níl mórán eolais eile agam faoi. Inis dom faoi.

**Síle:** Leanann Rian Glas na nDéise seanlíne an iarnróid. Tá sé daichead a sé ciliméadar ar fad. Bíonn daoine ag siúl agus ag rothaíocht air.

### **An Dara Mír**

**Cathal:** Tá a lán glabhealaí ann anois, a Shíle. Cén fáth a dtarraingíonn na glabhealaí a lán cuairteoirí go dtí na ceantair ina bhfuil siad, dar leat?

**Síle:** Bhuel, a Chathail, tá sé sábháilte a bheith ag siúl agus ag rothaíocht orthu mar ní bhíonn trácht gluaisteán orthu. Is iontach an deis do dhaoine iad na glabhealaí chun caitheamh aimsire sláintiúil a bheith acu amuigh faoin aer.

**Cathal:** Is dócha go gcuireann na glabhealaí le cúrsaí eacnamaíochta na gceantar sin, a Shíle.

**Síle:** Cuireann, gan amhras. Bhí borradh mór faoi chúrsaí gnó i gceantar Dhún Garbhán an samhradh seo caite. Bhí na hóstáin agus na tithe lóistín lán le cuairteoirí. Rinne na siopaí agus na bialanna níos mó airgid ná riamh.

**Cathal:** Léigh mé i dtuairisc le déanaí gur chuir an rialtas airgead ar fáil sa cháinainéis chun níos mó glabhealaí a fhorbairt ar fud na tíre.

**Síle:** Is dea-scéal é sin.

**Cathal:** Ní mór dom cuairt a thabhairt ar cheann acu an samhradh seo chugainn.

### **Comhrá a Dó (Canúint Chonnacht)**

#### **An Chéad Mhír**

**Bríd:** Haigh, a Mháirtín, Bríd anseo. Comhghairdeas leat as do thorthaí iontacha san Ardteistiméireacht.

**Máirtín:** Ó, go raibh maith agat, a Bhríd. Táim an-sásta. Fuair mé cúig chéad seachtó a seacht pointe.

**Bríd:** Cén cúrsa a dhéanfaidh tú ar an ollscoil an bhliain seo chugainn?

**Máirtín:** Táim chun cúrsa Dlí agus Gnó a dhéanamh i gColáiste na Tríonóide.

**Bríd:** An bhfuil tú ag tnúth le saol na hollscoile?

**Máirtín:** Táim ag tnúth go mór leis, cinnte. Ach níl mo thuismitheoirí ag tnúth leis mar beidh costas ard ar mo lóistín i mBaile Átha Cliath.

**Bríd:** Is minic a bhíonn daoine ag gearán faoin gcíos ard a bhíonn le híoc ar lóistín do mhic léinn i mBaile Átha Cliath. An bhfuil lóistín faighte agat féin fós?

**Máirtín:** Tá. Fuair mé pacáiste eolais faoi chúrsaí lóistín ó Oifig na Mac Léinn san ollscoil. Ansin, chaith mé féin agus mo thuismitheoirí dhá lá i mBaile Átha Cliath ag cuardach lóistín.

#### **An Dara Mír**

**Bríd:** Conas a bhí an cuardach lóistín i mBaile Átha Cliath?

**Máirtín:** Bhí brú uafásach ag baint leis. Bhí scuainí an-fhada ann beagnach gach áit a raibh lóistín maith ar fáil. Bhí a lán áiteanna ann nach raibh sásúil in aon chor.

**Brid:** Ach ar éirigh leat lóistín oiriúnach a fháil?

**Máirtín:** D'éirigh liom, ar deireadh. Fuair mé áit bhreá i nDún Droma.

**Brid:** Conas a rachaidh tú go dtí an ollscoil gach maidin?

**Máirtín:** Rachaidh mé ar an Luas gach maidin. Ach beidh orm éirí an-luath ar maidin chun a bheith in am do na léachtaí. Ní maith liom é sin, a Bhríd.

**Brid:** Bhí an t-ádh dearg ormsa, a Mháirtín. Beidh mise ag freastal ar Ollscoil Luimnigh agus fuair mé lóistín gar do champas na hOllscoile.

**Máirtín:** Tá na costais an-ard i mBaile Átha Cliath, a Bhríd. Tá roinnt airgid agam mar bím ag múineadh ranganna snámha gach Satharn, mar is eol duit.

**Brid:** Ní bheidh saol éasca agat. Ná déan dearmad glaoch a chur orm anois is arís, a Mháirtín, má bhíonn nóiméad saor agat. Slán go fóill.

## Cuid C

### Píosa 1 (Canúint Uladh)

Tógadh Teach Solais Fhánada i dtuaisceart Dhún na nGall chun córas sábháilteachta a chur ar fáil ar an bhfarraige ar chósta thuaidh na hÉireann. Tógadh é i dtús an naoú haois déag. Lasadh an solas ann den chéad uair ar Lá Fhéile Pádraig sa bhliain míle ocht gcéad is a seacht déag. Tá Teach Solais Fhánada suite ar an mbealach turasóireachta, Slí an Atlantaigh Fhiáin. Osclaíodh Teach Solais Fhánada do thurasóirí i mí Aibreáin, dhá mhíle is a sé déag. Tá sé ar cheann den dá theach solais déag sa tír atá ar oscailt do thurasóirí anois mar chuid den chlár turasóireachta *Tithe Solais Móra na hÉireann*. Is féidir dul ar thuras treoraithe i dTeach Solais Fhánada anois. Chomh maith leis sin, tá léargas ar stair agus ar oidhreacht an cheantair le fáil sna taispeántais in Ionad na gCuaríteoirí.

### Píosa 2 (Canúint na Mumhan)

Bhí na sluaite i láthair i bPáirc an Chrócaigh do Chluiche Ceannais na hÉireann sa pheil ar an dara lá de mhí Mheán Fómhair anuraidh. Foireann Bhaile Átha Cliath agus foireann Thír Eoghain a bhí ag imirt. Rinne foireann Bhaile Átha Cliath gaisce an lá sin nuair a bhuaigh siad Craobh na hÉireann den cheathrú huair as a chéile. Tar éis an chluiche, moladh painéal imreoirí Bhaile Átha Cliath as a gcuid scileanna peile agus as an aclaíocht a thaispeáin siad ar pháirc na himeartha. Bhí triúr d'imreoirí Bhaile Átha Cliath san iomaíocht don ghradam *Peileadóir na Bliana* anuraidh. Bronnadh an gradam sin ar an imreoir lár páirce, Brian Fenton, ag ócáid speisialta i mBaile Átha Cliath ag deireadh na bliana seo caite.

## Cuid A (24 marc)

### FÓGRA A hAON (12 marc)

Líon isteach an t-eolas atá á lorg sa ghreille anseo.

Cathain a bheidh an comórtas seo ar siúl?	I mí Eanáir Eanáir	<b>3 marc</b> <b>3 marc</b>
Cad atá le bheith san fhíseán?	Duine ag canadh an amhráin Duine ag canadh = 2 marc An t-amhrán/amhrán = 1 marc Canadh = 2 marc Ceol = 1 marc	<b>3 marc</b>
Cén duais a gheobhaidh an buaiteoir?	€1000 1000 Míle (euro)	<b>3 marc</b> <b>3 marc</b> <b>3 marc</b>
Cad é an seoladh ríomhphoist chun gach eolas faoin gcomórtas a fháil?	Ceol@rnag.ie	<b>3 marc</b>

### FÓGRA A DÓ (12 marc)

- (a)** Cá bhfuil Óstán na Trá? **3 marc**

Sa Spidéal = 3 marc  
Gaillimh/I nGaillimh = 1 marc
- (b)** Cén t-am a thosóidh an cruinniú seo? **3 marc**

Ar leathuair tar éis a hocht = 3 marc  
8.30 = 3 marc
- (a)** Cén sórt aimsire a bhí ann san earrach? **3 marc**

(Aimsir) an-fhliuch = 3 marc  
Fliuch = 2 marc  
Báisteach/fearthainn = 2 marc (báisteach/fearthainn throm = 3 marc)
- (b)** Cén duine ó Chumann na bhFeirmeoirí a dhéanfaidh an chaint speisialta ag an gcruinniú? **3 marc**

Uachtarán = 3 marc

## **Cuid B (24 marc)**

### **COMHRÁ A hAON (12 mharc)**

#### **An Chéad Mhír**

1. Cén áit i nDún Garbhán a raibh Síle ag obair don samhradh? **3 mharc**  
  
I siopa rothar = 3 mharc  
I siopa = 2 mharc  
Sa bhaile mór = 2 mharc
2. Cé mhéad ciliméadar ar fad atá an glasbhealach, Rian Glas na nDéise? **3 mharc**  
  
46 = 3 mharc  
Daichead a sé = 3 mharc

#### **An Dara Mír**

1. Cén fáth a bhfuil sé sábháilte a bheith ag siúl agus ag rothaíocht ar na glasbhealaí, dar le Síle? **3 mharc**  
  
Ní bhíonn trácht gluaisteán orthu = 3 mharc  
Ní bhíonn trácht orthu = 3 mharc  
Ní bhíonn gluaisteáin/carranna orthu = 3 mharc
2. Cad a chuir an rialtas ar fáil sa cháinainéis chun níos mó glasbhealaí a fhorbairt ar fud na tíre? **3 mharc**  
  
Airgead = 3 mharc

### **COMHRÁ A DÓ (12 mharc)**

#### **An Chéad Mhír**

1. Cé mhéad pointe a fuair Máirtín san Ardteistiméireacht? **3 mharc**  
  
577 = 3 mharc  
Cúig chéad seachtó a seacht = 3 mharc  
577 pointe = 3 mharc  
Cúig chéad seachtó a seacht pointe = 3 mharc
2. Cén fáth ar chaith Máirtín agus a thuismitheoirí dhá lá i mBaile Átha Cliath? **3 mharc**  
  
Ag cuardach lóistín = 3 mharc



### **An Dara Mír**

1. Conas a rachaidh Máirtín go dtí an ollscoil gach maidin? **3 mharc**
- Ar an Luas = 3 mharc  
Luas = 3 mharc  
An Luas = 3 mharc
2. Cad a bhíonn á mhúineadh ag Máirtín gach Satharn? **3 mharc**
- Ranganna snámha = 3 mharc  
Ag múineadh ranganna snámha = 3 mharc  
Snámh = 3 mharc  
Ranganna = 1 mharc

### **Cuid C (12 mharc)**

#### **PÍOSA A hAON (6 mharc)**

1. Cén lá sa bhliain 1817 a lasadh an solas den chéad uair i dTeach Solais Fhánada? **3 mharc**
- Lá Fhéile Pádraig = 3 mharc  
17 Márta = 3 mharc  
17/3 = 3 mharc  
Lá le Pádraig = 3 mharc  
Lá P(h)ádraig = 3 mharc
2. Luaigh rud **amháin** a bhfuil léargas le fáil air sna taispeántais in Ionad na gCuirteoirí. **3 mharc**
- Stair an cheantair = 3 mharc  
Oidhreacht an cheantair = 3 mharc  
Stair = 2 mharc  
Oidhreacht = 2 mharc  
Stair Fhánada = 3 mharc  
Oidhreacht Fhánada = 3 mharc  
Stair an tí solais = 3 mharc  
Stair Dhún na nGall = 2 mharc  
Ceantar Fhánada = 1 mharc  
Fánaid/F(h)ánada = 1 mharc

#### **PÍOSA A DÓ (6 mharc)**

1. Cén dáta a bhí Cluiche Ceannais na hÉireann sa pheil ar siúl anuraidh? **3 mharc**
- An dara lá de mhí Mheán Fómhair = 3 mharc  
An dara lá de Mheán Fómhair = 3 mharc  
2 Meán Fómhair = 3 mharc  
2/09 = 3 mharc

2. Cén gradam a bronnadh ar an imreoir lár páirce, Brian Fenton, ag ócáid speisialta i mBaile Átha Cliath? **3 mharc**

Peileadóir na Bliana = 3 mharc  
Imreoir na Bliana sa pheil = 3 mharc  
Imreoir na Bliana = 1 mharc

Eolas (60) =

Gaeilge (0-6) =

Móriomlán (60) =

**Cuid II – Ceapadóireacht – (100 marc)**

Freagair do rogha **dhá cheann** de **A, B, C, D** anseo.

**I gcás A, B, C agus D (Dhá cheann le freagairt)**

Leathleathanach nó breis:

Tasc = 2 mharc

Ábhar = 8 marc

Cumas Gaeilge = 40 marc

= 50 marc x 2 = **100 marc**

(i) Cumas Gaeilge = Fairsinge, saibhreas agus oiriúnacht Stór Gaeilge an iarrthóra (foclóir cuí, oiriúnach, dul na Gaeilge, nathanna cainte agus frásaí oiriúnacha)

**agus**

(ii) Cruinneas Gaeilge = Beachtas maidir le cruinnúsáid phríomhghnéithe de cheart na Gaeilge (struchtúir/comhréir na teanga, aimsirí na mbriathra, séimhiú, urú, réamhfhocail, claoninsint...) agus litriú

[Ní mór ceangal cinnte leanúnach a bheith ann idir an teideal a roghnaítear agus an t-ábhar a scríobhtar. **Gearrfar pionós ar iarrachtaí ceapadóireachta nach bhfuil ad rem.**]

**Nóta:** Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc a bhronntar as 2 (Tasc), an marc a bhronntar as 8 (Ábhar) agus an marc a bhronntar as 40 (Gaeilge) a thaispeáint go soiléir ag bun na n-iarrachtaí ceapadóireachta.

T (Tasc) (2) =

Á (Ábhar) (8) =

G (Gaeilge) (40) =

<b>Réimse</b>			<b>Catagóir</b>	<b>40</b>
<b>Sármhaith</b>	(i) Cumas Gaeilge (ii) Cruinneas Gaeilge	Ard	95%	38
		Meánach	90%	36
		Íseal	85%	34
<b>An-mhaith</b>	(i) Cumas Gaeilge (ii) Cruinneas Gaeilge	Ard	80%	32
		Meánach	75%	30
		Íseal	70%	28
<b>Maith</b>	(i) Cumas Gaeilge (ii) Cruinneas Gaeilge	Ard	65%	26
		Meánach	60%	24
		Íseal	55%	22
<b>Maith go leor</b>	(i) Cumas Gaeilge (ii) Cruinneas Gaeilge	Ard	50%	20
		Meánach	45%	18
		Íseal	40%	16
<b>Lag</b>	(i) Cumas Gaeilge (ii) Cruinneas Gaeilge	Ard	35%	14
		Meánach	30%	12
		Íseal	25%	10
<b>An-lag</b>	(i) Cumas Gaeilge (ii) Cruinneas Gaeilge	Ard	20%	8
		Meánach	15%	6
		Íseal	10%	4
<b>Easnamhach</b>	(i) Cumas Gaeilge (ii) Cruinneas Gaeilge		5%	2

**Páipéar II (200 marc)**

**CEIST 1 (A + B) - LÉAMHTHUISCINT - 100 marc**

Freagair **A agus B** anseo.

**A – (50 marc)**

**Micheál D. Ó hUiginn**

**Nóta:** Má tá dhá phointe eolais i gceist, tá **3** mharc ar an gcéad cheann atá ceart agus **2** mharc ar an dara ceann atá ceart.

1. (a) Scríobh síos **dhá** chumhacht atá ag Uachtarán na hÉireann. (Alt 1) **3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad chumhacht atá ceart = **3** mharc; an dara cumhacht atá ceart = **2** mharc

- Ceapann an tUachtarán an Taoiseach **agus** na hAirí Rialtais nuair a ainmníonn Dáil Éireann iad = 3 mharc + 2 mharc = 5 mharc (**2** chumhacht anseo)

Cumhacht amháin i ngach ceann de na pointí seo a leanas...**3** mharc ar an gcéad cheann atá ceart agus **2** mharc ar an dara ceann atá ceart

- Ceapann an tUachtarán an Taoiseach nuair a ainmníonn Dáil Éireann iad
- Ceapann an tUachtarán na hAirí Rialtais nuair a ainmníonn Dáil Éireann iad
- Síníonn sé billí a ritheann Tithe an Oireachtais
- Is é an tUachtarán atá i gceannas ar fhórsaí cosanta na tíre

- (b) Cén bua mór a bhí ag Micheál D. Ó hUiginn i dtoghchán na hUachtaránachta i mí Dheireadh Fómhair 2018? (Alt 1) **5 mharc**

- Fuair sé níos mó vótaí céadrogha ná mar a fuair aon duine eile a sheas don Uachtaránacht riamh = 5 mharc
- Bhí bua mór ag Micheál D. Ó hUiginn i dtoghchán na hUachtaránachta i mí Dheireadh Fómhair 2018: fuair sé níos mó vótaí céadrogha ná mar a fuair aon duine eile a sheas don Uachtaránacht riamh = 5 mharc
- Fuair sé níos mó vótaí céadrogha ná mar a fuair aon duine eile = 5 mharc

2. (a) Scríobh síos **dhá** phíosa eolais faoi Micheál D. Ó hUiginn mar Aire Ealaíon, Cultúir agus Gaeltachta. (Alt 2) **3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad píosa eolais atá ceart = **3** mharc; an dara píosa eolais atá ceart = **2** mharc

- Ba é an chéad duine é a bhí mar Aire Ealaíon, Cultúir agus Gaeltachta
- Ceapadh é sa bhliain 1993
- Bhí sé lárnach i mbunú Theilifís na Gaeilge

(b) Conas a thuill Micheál D. Ó hUiginn cáil in Éirinn agus ar fud an domhain? (Alt 2)

**5 mharc**

- Thuill sé cáil in Éirinn agus ar fud an domhain as a chuid oibre ar son chearta an duine **agus** ar son na síochána = 5 mharc
- As a chuid oibre ar son chearta an duine **agus** ar son na síochána = 5 mharc
- Thuill sé cáil in Éirinn agus ar fud an domhain as a chuid oibre ar son chearta an duine = 3 mharc
- Thuill sé cáil in Éirinn agus ar fud an domhain as a chuid oibre ar son na síochána = 3 mharc

3. (a) Scríobh síos **dhá** chúis a bhfuil na cuairteanna stáit agus na cuairteanna oifigiúla a dhéanann an tUachtarán thar lear tábhachtach. (Alt 3) **3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad chúis atá ceart = **3 mharc**; an dara cúis atá ceart = **2 mharc**

- Láidríonn an tUachtarán an caidreamh idir Éirinn agus tíortha eile = cúis amháin
- Buaileann sé le muintir na hÉireann (ar fud an domhain) = cúis amháin
- Tá na cuairteanna seo tábhachtach mar láidríonn an tUachtarán an caidreamh idir Éirinn agus tíortha eile **agus** buaileann sé le muintir na hÉireann = 2 chúis = 3 mharc + 2 mharc = 5 mharc

(b) Cén fáth a molann an tUachtarán Ó hUiginn 'Taispeántas an Eolaí Óig agus na Teicneolaíochta'? (Alt 3)

**5 mharc**

- As an spreagadh a thugann sé do dhaoine óga a suim san eolaíocht a fhorbairt = 5 mharc
- Molann an tUachtarán an taispeántas bliantúil seo as an spreagadh a thugann sé do dhaoine óga a suim san eolaíocht a fhorbairt = 5 mharc

4. (a) Luaigh **dhá** rud a chreideann an tUachtarán Ó hUiginn faoi na laochra spóirt. (Alt 4)

**3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad rud atá ceart = **3 mharc**; an dara rud atá ceart = **2 mharc**

- Creideann an tUachtarán Ó hUiginn gur eiseamláirí tábhachtacha do dhaoine óga iad na laochra spóirt **agus** gur cóir éachtaí na laochra sin a cheiliúradh = 5 mharc
- Creideann an tUachtarán Ó hUiginn gur eiseamláirí tábhachtacha do dhaoine óga iad na laochra spóirt = an chéad rud
- Creideann an tUachtarán Ó hUiginn gur cóir éachtaí na laochra sin a cheiliúradh = an dara rud

(b) Cén fáth a n-eagraíonn an tUachtarán cóisirí gairdín gach bliain? (Alt 4)

**5 mharc**

- Chun comóradh a dhéanamh ar na daoine agus ar na heagrais atá ag obair chun saol níos fearr a chruthú in Éirinn = 5 mharc
- Eagraíonn an tUachtarán cóisirí gairdín gach bliain chun comóradh a dhéanamh ar na daoine agus ar na heagrais atá ag obair chun saol níos fearr a chruthú in Éirinn = 5 mharc

5. (a) Cén fhís atá ag an Uachtarán Ó hUiginn d'Éirinn sna seacht mbliana atá romhainn amach? (Alt 5) **5 mharc**

- Is é an fhís atá aige d'Éirinn sna seacht mbliana atá romhainn amach ná go mbeadh pobal na hÉireann ag obair as lámha a chéile **agus** go mbeadh meas ag gach duine ar a chéile = 5 mharc
- Go mbeadh pobal na hÉireann ag obair as lámha a chéile **agus** go mbeadh meas ag gach duine ar a chéile = 5 mharc
- Go mbeadh pobal na hÉireann ag obair as lámha a chéile = 3 mharc
- Go mbeadh meas ag gach duine ar a chéile = 3 mharc

(b) Cén rud is mó a ghoilleann ar an Uachtarán Ó hUiginn faoi láthair? (Alt 5) **5 mharc**

- An méid daoine a bhfuil easpa tithíochta orthu **agus** a chodlaíonn ar na sráideanna = 5 mharc
- Is é an rud is mó a ghoilleann air faoi láthair ná an méid daoine a bhfuil easpa tithíochta orthu **agus** a chodlaíonn ar na sráideanna = 5 mharc
- An méid daoine a bhfuil easpa tithíochta orthu = 3 mharc
- An méid daoine a chodlaíonn ar na sráideanna = 3 mharc

**Nóta:** Gearrfar pionós i ngeall ar iomarcaíocht. Léireofar an pionós sna freagraí mar seo a leanas:

Marc bronnta – marc bainte (iom.) = ...

Taispeánfar go soiléir na marcanna a ghnóthaíonn iarrthóirí as an mbuneolas a aimsiú, na marcanna a bhaintear i ngeall ar an nGaeilge a bheith lochtach, agus na marcanna a bhaintear i ngeall ar iomarcaíocht san ionad cúí ar an bhfreagarleabhar.

Eolas (50 marc) =

[Gaeilge lochtach: 0 - 5 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

E (50) =

G (0-5) = -

lom =

**B– (50 marc)**

**Oireachtas na Samhna - Príomhfhéile na nGael**

**Nóta:** Má tá dhá phointe eolais i gceist, tá **3** marc ar an gcéad cheann atá ceart agus **2** marc ar an dara ceann atá ceart.

1. (a) Tabhair **dhá** phíosa eolais faoi chéadfhéile an Oireachtais sa bhliain 1897. (Alt 1)

**5 marc**

An chéad píosa eolais atá ceart = **3** marc; an dara píosa eolais atá ceart = **2** marc

- Conradh na Gaeilge a d’eagraigh céadfhéile an Oireachtais
- Eagraíodh céadfhéile an Oireachtais chun an Ghaeilge a chur chun cinn
- Bhí níos mó ná míle duine i láthair ag an bhféile
- Bhí naoi gcomórtas ar siúl don fhilíocht, don phrós, d’amhráin nua agus don reacaireacht (an abairt seo ar fad ag teastáil mar phíosa eolais)
- Bronnadh na duaiseanna ar na buaiteoirí ag ceolchoirm na féile an oíche sin

- (b) Scríobh síos an **dá** chúis a dtagann pobal na Gaeilge le chéile ag Oireachtas na Samhna. (Alt 1)

**5 marc**

An chéad chúis atá ceart = **3** marc; an dara cúis atá ceart = **2** marc

- Is é Oireachtas na Samhna príomhfhéile na nGael
- (Tagann pobal na Gaeilge le chéile ag Oireachtas na Samhna) chun páirt a ghlacadh sna comórtais
- Chun sult a bhaint as an réimse mór imeachtaí sóisialta a bhíonn ar siúl
- Tagann pobal na Gaeilge le chéile ag Oireachtas na Samhna chun páirt a ghlacadh sna comórtais agus chun sult a bhaint as an réimse mór imeachtaí sóisialta a bhíonn ar siúl freisin (dhá chúis san abairt seo) = 3 marc + 2 marc = 5 marc

2. (a) Luaigh **dhá** phíosa eolais faoi chomórtas Chorn Uí Riada. (Alt 2)

**5 marc**

An chéad píosa eolais atá ceart = **3** marc; an dara píosa eolais atá ceart = **2** marc

- Is é Corn Uí Riada príomhchomórtas an Oireachtais
- Comórtas amhránaíochta ar an sean-nós atá ann
- Is é an gradam is airde san amhránaíocht ar an sean-nós é

- (b) Cén fáth a bhfuil na comórtais liteartha tábhachtach? (Alt 2)

**5 marc**

- (Tá na comórtais liteartha tábhachtach) mar spreagann siad scríbhneoirí nua = 5 marc
- Tugann siad aitheantas do na scríbhneoirí agus do na foilsitheoirí go léir atá ag plé le litríocht na Gaeilge = 5 marc



- Tugann siad aitheantas do na scríbhneoirí go léir atá ag plé le litríocht na Gaeilge = 5 mharc
- Tugann siad aitheantas do na foilsitheoirí go léir atá ag plé le litríocht na Gaeilge = 5 mharc
- Tá na comórtais liteartha tábhachtach mar spreagann siad scríbhneoirí nua le dul i mbun pinn agus, chomh maith leis sin, tugann siad aitheantas do na scríbhneoirí agus do na foilsitheoirí go léir atá ag plé le litríocht na Gaeilge = 5 mharc

3. (a) Scríobh síos **dhá** rud a dhéanann Helen Ní Shé mar láithreoir ar an irisclár, *An Saol ó Dheas*. (Alt 3) **3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad rud atá ceart = **3** mharc; an dara rud atá ceart = **2** mharc

- Tugann Helen Ní Shé cuntas ar imeachtaí i gceantair Ghaeltachta na Mumhan
- Cuireann sí agallamh ar aíonna

- (b) Cén obair a dhéanann Caitlín Nic Aoidh ar TG4? (Alt 3) **5 mharc**

- Cuireann Caitlín an aimsir i láthair ar an gclár *An Aimsir Láithreach* = 5 mharc
- Cuireann Caitlín an aimsir i láthair = 3 mharc

4. (a) Scríobh síos **dhá** rud faoin turas farraige a rinne an cúigear fear sa tsraith theilifíse, *Camino an tSáile*. (Alt 4) **3 mharc + 2 mharc = 5 mharc**

An chéad rud atá ceart = **3** mharc; an dara rud atá ceart = **2** mharc

- Ceithre chlár ar fad atá sa tsraith seo faoi chúigear fear a rinne turas farraige ó Bhaile Átha Cliath go Santiago de Compostela (in iarthuaisceart na Spáinne)
- Turas farraige ó Bhaile Átha Cliath go Santiago de Compostela (in iarthuaisceart na Spáinne)
- Is turas dhá mhíle cúig chéad ciliméadar é
- Rinne siad an turas i naomhóg (bád beag adhmaid)
- Tugtar léargas in *Camino an tSáile* ar na huaireanta fada a chaith na fir ag rámháocht

- (b) Tabhair **dhá** phíosa eolais faoin scannán *Song of Granite*. (Alt 4) **5 mharc**

An chéad píosa eolais atá ceart = **3** mharc; an dara píosa eolais atá ceart = **2** mharc

- Bronnadh an gradam do Scannán na Bliana air
- Is scannán é faoi Joe Éinniú, an t-amhránaí cáiliúil sean-nóis/as Carna/as Contae na Gaillimhe
- Sa scannán, tugtar cuntas dúinn ar an tionchar a bhí ag an gceol agus ag na hamhráin ar Joe agus é ag fás aníos (i gCarna) (is leor ceol **nó** na hamhráin)
- Tá cur síos ann ar shaol Joe mar imirceach
- Tá cur síos ann ar shaol Joe i nGlaschú
- Tá cur síos ann ar a shaol i Nua-Eabhrac

5. (a) Cén fáth a mbíonn RTÉ Raidió na Gaeltachta, TG4 agus meáin Ghaeilge eile i láthair ag Oireachtas na Samhna? (Alt 5) **5 mharc**
- (Bíonn RTÉ Raidió na Gaeltachta, TG4 agus meáin Ghaeilge eile i láthair ag Oireachtas na Samhna) chun cuid mhór d'imeachtaí na féile a chraoladh beo = 5 mharc
  - (Bíonn RTÉ Raidió na Gaeltachta, TG4 agus meáin Ghaeilge eile i láthair ag Oireachtas na Samhna) chun cuid mhór d'imeachtaí na féile a chraoladh = 3 mharc
- (b) Cad a chuireann an aip de chuid TG4, MOLSCÉAL, ar fáil? (Alt 5) **5 mharc**
- Cuireann an aip scéalta físe ar fáil trí mheán na Gaeilge = 5 mharc
  - Cuireann an aip scéalta físe ar fáil = 3 mharc
  - Scéalta nuachta, siamsaíochta agus spóirt is mó a bhíonn le feiceáil ar an aip = 5 mharc
  - Scéalta nuachta agus siamsaíochta is mó a bhíonn le feiceáil ar an aip = 5 mharc
  - Scéalta siamsaíochta agus spóirt is mó a bhíonn le feiceáil ar an aip = 5 mharc
  - Scéalta nuachta agus spóirt is mó a bhíonn le feiceáil ar an aip = 5 mharc
  - Nuacht agus siamsaíocht is mó a bhíonn le feiceáil ar an aip = 5 mharc
  - Nuacht agus spóirt is mó a bhíonn le feiceáil ar an aip = 5 mharc
  - Siamsaíocht agus spóirt is mó a bhíonn le feiceáil ar an aip = 5 mharc

**Nóta:** Gearrfar pionós i ngeall ar iomarcaíocht. Léireofar an pionós sna freagraí mar seo a leanas:

Marc bronnta – marc bainte (iom.) = ...

Taispeánfar go soiléir na marcanna a ghnóthaíonn iarrthóirí as an mbuneolas a aimsiú, na marcanna a bhaintear i ngeall ar an nGaeilge a bheith lochtach, agus na marcanna a bhaintear i ngeall ar iomarcaíocht san ionad cuí ar an bhfreagarleabhar.

Eolas (50 marc) =

[Gaeilge lochtach: 0 - 5 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

E (50) =

G (0-5) = -

lom =

Freagair A (Prós Ainmnithe) nó B (Prós Roghnach).

A

– PRÓS AINMNITHE –

(50 marc)

**Nóta:** Níl sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí samplacha thíos uileghabhálach ná eisiach. Is samplaí de fhreagraí féideartha atá iontu; déanfaidh na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus bronnfar marcanna ar phointí ábhartha eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair de réir a bhfiúntais.

Freagair (a) agus (b) anseo.

**(a) Hurlamaboc**

Freagair na ceisteanna thíos faoin ngiota as an úrscéal *Hurlamaboc*.

(25 marc)

- (i) Scríobh síos **dhá** rud faoi Ruán, mac Lisín.

**Dhá** rud = 3 mharc + 2 mharc

(5 mharc)

**Freagraí Samplacha:**

- Ruán a tugadh ar an mac ba shine
- Bhí Ruán ocht mbliana déag d'aois
- Bhí ceathrar ina theaghlach
- Bhí deartháir amháin ag Ruán
- Ba é Pól a athair
- Cheap Ruán go mbeadh an chóisir *crap*
- Ní raibh Ruán ag tnúth leis an gcóisir
- Bhí grá ag Ruán dá mháthair
- Ní raibh a fhios aige cén fáth a gcuireadh a mháthair lagmhisneach air an t-am ar fad
- Mholadh Lisín Ruán an t-am ar fad ach fós ní raibh Ruán sásta
- Chuir an tUasal Mac Gabhann isteach ar Ruán

- (ii) Tabhair **dhá** phointe eolais faoi na hullmhúcháin atá déanta ag Lisín don chóisir.

**Dhá** phointe eolais = 3 mharc + 2 mharc

(5 mharc)

**Freagraí Samplacha:**

- D'ordaigh sí gloiní/fíon ón siopa fíona
- Bhí an reoiteoir sa chistin lán suas le pióga/le hispíní/le bradán
- Bhí arán lámhdhéanta ar fáil freisin
- Fuair Lisín reoiteoir eile ar cíos
- Bhí an reoiteoir eile lán le bia deas milis
- Dá mbeadh an aimsir go deas, bheadh an chóisir amuigh faoin aer sa ghairdín

- Dá mbeadh an aimsir go deas, gheobhadh Lisín boird agus cathaoireacha ar iasacht ó na comharsana
- Dá mbeadh sé ag cur báistí, rachadh siad isteach sa teach
- Bhí péint nua ar na ballaí
- Bhí snas ar na hurláir
- Bhí bláthanna sna prócaí

(iii) Scríobh síos **dhá** shlí a ndearna Pól a chuid airgid.

**Dhá** shlí = **3** mharc + **2** mharc

(5 mharc)

**Freagraí Samplacha:**

- Bhí sé ag ceannach stoc ar an idirlíon
- Bhí tithe agus árasáin aige thar lear agus cíos á bhailiú aige uathu
- Bhí a lán airgid aige agus é go léir infheistithe aige
- Bhí sé ina léachtóir ollscoile

(iv) Luaigh **dhá** phointe eolais faoi na mná eile ar Ascaill na Fuinseoige.

**Dhá** phointe eolais = **3** mharc + **2** mharc

(5 mharc)

**Freagraí Samplacha:**

- Bhí na daoine ar an ascaill seo ardnósach/an-saibhir
- Gruaig fhionn a bhí ar na máithreacha go léir/Ní raibh gruaig liath ar bhean ar bith
- Thaitin an faisean leo/bhíodh éadaí galánta orthu
- Ní théadh siad aon áit gan smideadh orthu
- Bhí bean amháin le gruaig dhubh ar an mbóthar, Eibhlín, máthair Emma Ní Loingsigh
- Cheap na comharsana go raibh Eibhlín saghas aisteach
- Nuair a bhíodh na mná ag rith amach leis an mbruscar, bhíodh gúnaí oíche deasa orthu/gruaig néata orthu
- Bhí Lisín chun tosaigh ar na mná ar fad/bhí sí níos faiseanta agus níos néata ná aon duine eile

(v) 'Bhí Lisín gnóthach, ina ball de mhórán eagraíochtaí agus clubanna'. Scríobh síos **dhá** phointe eolais faoin gcuid sin de shaol Lisín.

**Dhá** phointe eolais = **3** mharc + **2** mharc

(5 mharc)

**Freagraí Samplacha:**

- Bhí baint aici le club leabhar
- Bhí baint aici le club a d'eagraigh cainteanna ar stair áitiúil
- Bhí baint aici le club a d'eagraigh cainteanna ar gheolaíocht áitiúil
- Bhí baint aici le club a d'eagraigh cainteanna ar litríocht áitiúil
- Théadh sí go dtí cainteanna faoi ghairdíní deasa/conas do ghairdín a leagan amach go deas

- Théadh sí go dtí cainteanna faoi conas an teach a mhaisiú go hálainn
- Théadh sí go dtí ranganna teanga sa Spáinnis/sa Rúisis/sa tSínis/sa tSeapáinis
- Bhí baint aici le clubanna a thugadh cabhair do na daoine bochta
- Bhí suim aici i scannáin
- Bhí suim aici i ndrámáí

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

**(b) Cáca Milis**

**(25 marc)**

Tá Catherine ina suí sa charráiste traenach nuair a shuíonn an fear dall, Paul, os a comhair amach sa scannán *Cáca Milis*.

Tabhair cuntas ar na rudaí a tharlaíonn ón uair a shuíonn Paul os comhair Catherine go dtí deireadh an scannáin.

5 pointe eolais agus 5 mharc ar gach pointe eolais

(5 mharc = 2 mharc ar lomphointe eolais agus 3 mharc ar fhorbairt)

**Pointí eolais samplacha:**

- Bhí asma ar Paul agus d'úsáid sé an t-anáilóir.
- Ní raibh Catherine sásta mar chuir Paul isteach uirthi/mar bhí sé cainteach. Ní raibh fonn cainte ar Catherine mar bhí sí ag léamh leabhair. Theastaigh ciúnas uaithi agus faoiseamh óna máthair.
- D'fhiafraigh sé den bhean cá fhad a bhí sí ag taisteal. Dúirt sé go raibh sé ag dul go ceann cúrsa agus go raibh sé ar a laethanta saoire. Bhí carbhán ag a mháthair cois farraige.
- Cheap sé go raibh an aimsir ar fheabhas. Bhí sé cosúil le haimsir na Fraince, dar leis.
- Thosaigh sé ag útamáil leis an mála donn agus thóg sé amach an cáca milis. D'fhiafraigh sé den bhean cén dath a bhí ar an gcáca. Dúirt Catherine go raibh dath bándearg air.
- Mhínigh Paul do Catherine go raibh asma air ó bhí sé ina pháiste. Bhí sé ar an raidió ag caint faoin asma mar bhí a chás go dona. D'íoc siad as an tacsáí go dtí an stiúideo dó. Fuair sé lón saor in aisce, ubh agus *chips*. Dúirt siad go raibh bua na cainte aige fiú má bhí asma air.
- D'iarr Paul ar Catherine ceist a chur air faoi na radhairc a bhí taobh amuigh den fhuinneog. Cé go raibh Catherine crosta, chuir sí an cheist. Rinne Paul cur síos ceart ar na radhairc. Luaigh sé an cuan, ag dul thar abhainn, an muileann adhmaid agus na fir ag obair. Chonaic Catherine pictiúr a bhí ar crochadh ar bhalla an charráiste. Pictiúr de loch a bhí ann agus báid ag seoladh ar an loch. Chinn sí ar bhob a bhualadh air. Dúirt sí 'Céard faoin loch?' Bhí sé an-bhuartha agus dúirt sé 'Loch? Cén loch?'. Lean sí uirthi ag spochadh as nuair a dúirt sí go raibh báid ann freisin. D'éirigh sé míshuaimhneach agus bhí sé deacair air anáil. Bhain sé puth mhór fhada as an anáilóir. Bhí gáire le feiceáil ar aghaidh Catherine mar bhí sí sásta gur inis sí bréaga dó.
- Tháinig fear an tae agus a thralaí. Fuair Catherine cupán caife don fhear. Fuair sí trí mhála siúcra. Bhí ceithre cinn ag teastáil uaidh. Thug an freastalaí mála beag siúcra eile dó. D'íoc Paul as an gcaife. D'iarr Paul ar Catherine an siúcra a chur sa chupán ach níor chabhraigh sí leis. Thit a lán den siúcra ar fud an bhoird. Bhí Paul fós trí chéile faoin loch. Dúirt Catherine gur loch mór millteach a bhí ann. Thosaigh sé ag ithe a cháca mhilis. D'alp sé siar an cáca agus shlog sé an caife agus bhí déistin ar an mbean. Dúirt sé go raibh na mná go léir craiceáilte ina dhiaidh.

- Bhí Catherine tinn tuirseach de Paul agus chum sí scéal eile. Dúirt Catherine go raibh péist sa cháca. Leag Catherine a leabhar ar an mbord. Níor stop sí ag caint faoin bpéist – gur dath bándearg a bhí ar an bpéist/gur bhain sé greim as an bpéist/go raibh blas cáca ar an bpéist. Chaith sé amach an cáca as a bhéal mar chreid sé an scéal a bhí ag Catherine.
- Bhí Paul i gcruachás. Tháinig taom asma air. Bhí a análóir ag teastáil uaidh. Chuardaigh sé an bord lena lámha. ‘Mo *inhaler*? Cá bhfuil sé?’ a dúirt sé. Ní raibh sé in ann teacht air. Bhog Catherine é uaidh. Thit sé i laige agus níor tháinig Catherine i gcabhair air. D’fhéach sí air gan trua agus é ag fáil bháis. Stop an traein agus d’imigh Catherine léi. Ní raibh Paul in ann anáilú agus fuair sé bás. D’fhág Catherine an stáisiún agus d’imigh an traein.

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

## NÓ

### An Lasair Choille

Tá dhá bhliain déag caite ag Séamas ag tabhairt aire do Mhicil, an seanfhear, sa dráma *An Lasair Choille*. Tabhair cuntas ar an gcineál saoil atá ag Séamas agus é ag tabhairt aire do Mhicil.

5 pointe eolais agus 5 mharc ar gach pointe eolais  
(5 mharc = 2 mharc ar lomphointe eolais agus 3 mharc ar fhorbairt)

#### Pointí eolais samplacha:

- Tá Séamas ina chónaí le Micil le dhá bhliain déag anuas.
- Is fear óg cúig bliana is fiche é Séamas ach tá sé faoi smacht ag Micil. Ba mhaith le Séamas a bheith saor ach tá sé i ngéibheann ag Micil.
- Braitheann Séamas go bhfuil sé ina sclábhaí/ina phríosúnach ag Micil.
- Bíonn Micil ag brath ar Shéamas chun an obair ar fad a dhéanamh agus chun gach rud a dhéanamh dó.
- Tugann Séamas aire do Mhicil mar is cláiríneach é/caitheann Micil gach lá sa leaba.
- Caitheann Micil go dona le Séamas; ní mholann sé Séamas riamh agus níl sé buíoch de.
- Deir Séamas le Micil go bhfuil sé ag smaoineamh ar dhul go Sasana. Tá Micil ar buile toisc nár mhaith leis Séamas a chailleadh.
- Ní ligeann Micil dó aon rud a dhéanamh as a stuaim féin/tá smacht iomlán ag Micil air.
- Bíonn Séamas ag obair do Mhicil ach ní fhaigheann sé mórán airgid as an obair.
- Tá Séamas ‘*mar chosa agus lámha*’ ag Micil.
- Nuair a thiteann Micil amach as an leaba, tá ar Shéamas cabhrú leis.
- Bíonn Séamas ag bailiú agus ag díol móna do Mhicil.
- Nuair a cheistigh Séamas Micil faoin airgead a fuair siad don mhóin, dúirt Micil nár bhain sé leis ar chor ar bith.
- Nuair a bhí Séamas ag comhaireamh an airgid, thit an t-airgead ar fud an urláir. Nuair a chuir Séamas an t-airgead isteach sa scilléad, ní raibh sé ábalta teacht ar an gclúdach ceart.
- Tá cás éin ar crochadh sa chistin agus lasair choille istigh ann.
- Bíonn Séamas ag caint le Binncheol agus ó am go chéile ligeann sé fead leis an éan.
- Ní thuigeann Séamas an fáth nach gcanann an lasair choille.

- Tá Séamas cosúil leis an lasair choille; tá sé faoi smacht ag Micil. Tá saol dian ag Séamas.
- Deir Micil nach mbeidh sé in ann aon obair a fháil i Sasana. Deir sé freisin go dtagann na *fits* ar Shéamas.
- Cailleann Séamas misneach/féinmhuinín mar deir Micil go mbíonn gach duine ag gáire faoi.
- Tagann Míoda chuig an doras.
- Ligeann Míoda uirthi gur Iníon Iarla Chonnacht í agus go bhfuil sí ag teitheadh óna hathair.
- Ba mhaith léi dul go Sasana le Séamas. Ach níl fonn ar Shéamas Micil a fhágáil ina aonar.
- Nuair a thiteann Micil as an leaba deir Míoda le Séamas gan bacadh leis mar nach bhfuil ann ach cleas chun é a choimeád sa bhaile.
- Deir Míoda go bhfuil Micil ag déanamh searbhónta de Shéamas agus gur cheart dó imeacht go Sasana agus an t-airgead a thógáil leis.
- Cé go gcuireann Míoda dallamullóg ar Shéamas, osclaíonn sí a shúile dó.
- Tuigeann sé anois go raibh Micil ag iarraidh cláiríneach a dhéanamh de féin.
- Tagann athrú ar an gcaidreamh idir Micil agus Séamas.
- Tuigeann sé go raibh Micil á choinneáil i ngéibheann agus níl sé sásta leanúint leis mar a bhí.
- Nuair a ligeann Séamas Binncheol saor, tosaíonn an t-éan ag canadh.
- Foghlaimíonn Séamus ceacht ón lasair choille.
- Tuigeann Séamas go raibh Binncheol sa chás aige chun go mbeadh sé chomh dona leis féin.
- Tá tuiscint ag Séamas ar shaoirse anois agus tuigeann sé nach bhfuil sé go maith d'aon duine a bheith i ngéibheann mar atá sé féin/Míoda/Micil.
- Tá áthas ar Shéamas (agus ar Binncheol) go bhfuil saoirse faighte aige (acu).

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

Níl cead aon ábhar a bhaineann le Prós Ainmnithe a úsáid sna freagraí ar an bPrós Roghnach.

Freagair (a) agus (b) anseo.

- (a) Maidir le **giota as úrscéal roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, ainmnigh an phearsa (an carachtar) is tábhachtaí sa ghiota. Tabhair cuntas ar na heachtraí is mó a tharlaíonn don duine sin sa ghiota.

(25 marc)

An phearsa (an carachtar) is tábhachtaí a lua = **1** mharc  
Na heachtraí is mó a tharlaíonn don duine sin sa ghiota = **22** marc

5 phointe eolais ag teastáil

(5 mharc an ceann ar an gcéad **dhá** phointe eolais + 4 mharc an ceann ar na **trí** phointe eolais eile)

(23 marc)

5 mharc = 2 mharc ar lomphointe eolais + 3 mharc ar fhorbairt  
4 mharc = 2 mharc ar lomphointe eolais + 2 mharc ar fhorbairt

*Ní mór teideal an úrscéil sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn.*

Teideal an úrscéil = **1** mharc

Ainm an údair = **1** mharc

(2 marc)

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

- (b) Maidir le **scannán roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, tabhair cuntas ar na príomhimeachtaí (príomhrudaí) a tharlaíonn sa scannán sin.

(25 marc)

5 phointe eolais ag teastáil

(5 mharc an ceann ar an gcéad **trí** phointe eolais + 4 mharc an ceann ar an **dá** phointe eolais eile)

(23 marc)

5 mharc = 2 mharc ar lomphointe eolais + 3 mharc ar fhorbairt  
4 mharc = 2 mharc ar lomphointe eolais + 2 mharc ar fhorbairt

*Ní mór teideal an scannáin sin, mar aon le hainm an scríbhneora, a scríobh síos go cruinn.*

Teideal an scannáin = **1** mharc

Ainm an scríbhneora = **1** mharc

(2 marc)

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]



## NÓ

Maidir le **dráma roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, tabhair cuntas ar na príomhimeachtaí (príomhrudaí) a tharlaíonn sa dráma sin.

**(25 marc)**

5 phointe eolais ag teastáil

(5 mharc an ceann ar an gcéad **trí** phointe eolais + 4 mharc an ceann ar an **dá** phointe eolais eile)

**(23 marc)**

5 mharc = 2 mharc ar lomphointe eolais + 3 mharc ar fhorbairt

4 mharc = 2 mharc ar lomphointe eolais + 2 mharc ar fhorbairt

*Ní mór teideal an dráma sin, mar aon le hainm an scríbhneora, a scríobh síos go cruinn.*

Teideal an dráma = 1 mharc

Ainm an scríbhneora = 1 mharc

**(2 mharc)**

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

Freagair A (Filíocht Ainmnithe) nó B (Filíocht Roghnach).

A

– FILÍOCHT AINMNITHE –

(50 marc)

**Nóta:** Níl sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí samplacha thíos uileghabhálach ná eisiach. Is samplaí de fhreagraí féideartha atá iontu; déanfaidh na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus bronnfar marcanna ar phointí ábhartha eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair de réir a bhfiúntais.

Freagair (a) agus (b) anseo.

(a) An Spailpín Fánach

(25 marc)

- (i) Déan cur síos, i **d'fhocail féin**, ar an íomhá (ar an bpictiúr) den spailpín a thugann an file dúinn i véarsa a haon, línte 1-4, den dán seo. (Is leor **dhá** phointe eolais.) (8 marc)

**Dhá** phointe eolais = 4 mharc + 4 mharc

**Freagraí Samplacha:** Íomhá bhrónach den spailpín atá i véarsa a haon; tá saol crua aige le fada an lá; is oibrí feirme é; bíonn air taisteal ó áit go háit chun obair a fháil; tá sé ag brath ar a shláinte chun bheith ábalta an obair a dhéanamh; bíonn an spailpín amuigh ag obair sna páirceanna ar an bhféar fliuch/go luath ar maidin/i ngach saghas aimsire mar sin bíonn sé breoite go minic/bíonn sé breoite ar feadh tamaill fhada/trí mhí; tá sé tinn tuirseach den saol seo mar gheall ar an obair chrua a dhéanann sé...

Nóta: Línte cúí díreach ó véarsa a haon, gan rian an iarrthóra ar an bhfreagra = 2 mharc + 2 mharc

- (ii) Tabhair **dhá** phointe eolais, i **d'fhocail féin**, faoin spailpín agus é 'ar mhargadh na saoire' i véarsa a trí. (8 marc)

**Dhá** phointe eolais = 4 mharc + 4 mharc

**Freagraí Samplacha:** Is léir nach dtaitníonn margadh na saoire leis an spailpín; tá sé ag rá nach rachaidh sé go dtí aon aonach fostaithe arís ag cur a shláinte i mbaol; níl an spailpín sásta bheith ina shuí cois balla; is fear ard caol é; ní theastaíonn uaidh bheith ina shuí ar thaobh na sráide; tá náire an domhain air go bhfuil air fanacht ansin; bíonn na huaisle/na Sasanaigh/na feirmeoirí móra saibhre ag teacht ar chapail ag agus cuireann siad ceist air an bhfuil sé saor chun dul ag obair; ullmhaíonn sé chun imeacht ón margadh mar tá siúl fada roimhe; imíonn sé ón margadh mar níl aon rogha eile aige; is fuath leis margadh na saoire; níl meas madra ag éinne air; chuaigh an spailpín go margadh na saoire ag lorg oibre...

Nóta: Línte cúí díreach ó véarsa a trí, gan rian an iarrthóra ar an bhfreagra = **2** mharc + **2** mharc

- (iii) An bhfuil trua agat don spailpín sa dán seo? Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.)  
(9 marc)

Tá/Níl = **1** mharc

**Dhá** fháth = **4** mharc + **4** mharc

**Freagraí Samplacha:** Tá trua agam don spailpín: mar tá sé beo bocht; mar bíonn sé tinn go minic; mar bíonn air taisteal ó áit go háit ag lorg oibre; mar bíonn sé amuigh sa drochaimsir go minic; mar níl aon dínit ag baint lena shaol; mar bíonn 'bodairí na tíre' ag féachaint anuas air; mar bíonn sé feargach nuair a ghlaonn daoine spailpín air...

**Níl** trua agam don spailpín: mar tá saol suimiúil aige ag taisteal ar fud na tíre; mar tá sé breá láidir mar oibrí agus tá sé bródúil as a chuid oibre; mar tá sé réidh chun dul ag troid leis na *croppies*...

Nóta: Línte cúí díreach ón dán gan rian an iarrthóra ar an bhfreagra = **2** mharc + **2** mharc

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

Léirigh mionbhriseadh na marcanna:

E (25) = 25

G (0-4) = -

## (b) Colscaradh

- (i) Inis **i d'fhocail féin**, cén saghas duine é an fear sa dán. (Is leor **dhá** phointe eolais.) (8 marc)

**Dhá** phointe eolais = **4** mharc + **4** mharc

**Freagraí samplacha:** Is fear traidisiúnta/seanaimseartha é; bhí sé leithleach, santach, brónach, grámhar; bhí díomá air; ba mhaith leis bean a bheadh sásta cónaí leis in aice lena mhuintir féin; ba mhaith leis bean a bheadh sásta suí cois tine leis agus a thabharfadh grá dó; ba mhaith leis go bhfanfadh a bhean sa bhaile/ag tabhairt aire do na páistí/ag déanamh cúraimí an tí; bhí an baile tábhachtach dó; ba mhaith leis teacht abhaile tar éis lá oibre go dtí teach te teolaí lán le páistí; ba mhaith leis an bhfear atmaisféar deas sona sa teach/clann shona/go mbeadh áthas ar a bhean a bheith ag tógáil na bpáistí...

Nóta: Línte cúí díreach ón dán gan rian an iarrthóra ar an bhfreagra = **2** mharc + **2** mharc

- (ii) Scríobh síos, **i d'fhocail féin**, na príomhsmaointe atá i véarsa a dó.  
(Is leor **dhá** phointe eolais.) (8 marc)

**Dhá** smaoinemh = **4** mharc + **4** mharc

**Freagraí samplacha:** Is gnáthbhean nua-aimseartha í; tá cumhacht/neamhspleáchas sa phósadh á lorg aici; ba mhaith léi fear a phósadh ach níor mhaith léi a bheith ag brath ar a fear céile; ba mhaith léi leath den chumhacht/den údarás sa teach/go mbeadh a cuid airgid féin aici/leath den mhaoin/den saibhreas; ba mhaith léi teach agus grá/dul ar saoire thar lear/meas a bheith ag gach duine uirthi/a bheith sona sásta; ba mhaith léi saol agus cairde a bheith aici taobh amuigh den bhaile...

Nóta: Línte cúí díreach ón dán gan rian an iarrthóra ar an bhfreagra = **2** mharc + **2** mharc

(iii) An maith leat an dán seo? Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.) (9 marc)

Is maith/Ní maith = **1** mharc

**Dhá** fháth = **4** mharc + **4** mharc

**Sampla:** Is maith liom an dán seo mar is maith liom an téama; is maith liom na mothúcháin; tá a lán íomhánna ann...

**Ní** maith liom an dán seo mar tá sé brónach; níl meas agam ar an bhfear/ar an mbean...

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

Léirigh mionbhriseadh na marcanna:

E (25) = 25

G (0-4) = -

Níl cead aon ábhar a bhaineann le Filíocht Ainmnithe a úsáid sna freagraí ar an bhFilíocht Roghnach.

Freagair (a) agus (b) anseo.

- (a) (i) Maidir le **dán seanaimseartha roghnach** (dán a cumadh sa tréimhse **roimh** 1850) a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos, **i d'fhocail féin**, príomhsmaointe an dáin. (9 marc)

**Dhá** phointe eolais = 5 mharc + 4 mharc

- (ii) Cén íomhá (pictiúr) is mó a thaitníonn leat sa dán? Míneigh an íomhá (an pictiúr) sin, **i d'fhocail féin**. (Is leor **dhá** phointe eolais.) (7 marc)

An íomhá (an pictiúr) is mó a thaitníonn leat = 1 mharc

**Dhá** phointe eolais = 3 mharc + 3 mharc

- (iii) Scríobh síos an mothúchán is láidre sa dán, dar leat. Tabhair **dhá** shampla den mhothúchán sin sa dán. (7 marc)

An mothúchán is láidre = 1 mharc

**Dhá** shampla = 3 mharc + 3 mharc

*Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn.* (2 marc)

Ainm an dáin = 1 mharc

Ainm an fhile = 1 mharc

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

Léirigh mionbhriseadh na marcanna:

E (25) = 25

G (0-4) = -

- (b) (i) Maidir le **dán nua-aimseartha roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos príomhthéama an dáin sin, dar leat. Tabhair **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, faoin bpríomhthéama sin sa dán. (9 marc)

Príomhthéama an dáin = 1 mharc

**Dhá** phointe eolais = 4 mharc + 4 mharc

- (ii) Cén t-atmaisféar atá sa dán seo, dar leat? Tabhair **dhá** shampla den atmaisféar sin sa dán. (7 marc)

An t-atmaisféar a lua = **1** mharc  
**Dhá** shampla = **3** mharc + **3** mharc

- (iii) An maith leat an dán seo? Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.) (7 marc)

Is maith/Ní maith = **1** mharc  
**Dhá** fháth = **3** mharc + **3** mharc

*Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn.* (2 mharc)  
Ainm an dáin = **1** mharc  
Ainm an fhile = **1** mharc

[Gaeilge lochtach: 0-4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

Léirigh mionbhriseadh na marcanna:

E (25) = 25

G (0-4) = -

## Scéim Mharcála Mhodhnaithe

Cuirtear Scéim Mharcála Mhodhnaithe (SMM) i bhfeidhm ar an obair a chuireann iarrthóirí isteach ar deonaíodh ceann amháin nó níos mó de na socruithe seo a leanas dóibh:

- Úsáid gléas taifeadta
- Úsáid próiseálaí focal
- Úsáid scríobhaí
- Tarscaoileadh maidir le litriú agus le gnéithe áirithe den ghramadach

Nuair a dheonaítear an Scéim Mharcála Mhodhnaithe d'iarrthóir ar bith, beidh a (h)uimhir scrúdaithe luaite ar na leatháin mharcála agus réiltín (\*) taobh leis an scrúduimhir.

Déantar **an t-ábhar** sna freagraí ar fad a mheasúnú de réir na gnáthscéime marcála.

Déantar **measúnú ar Chruinneas Gaeilge** na n-iarrthóirí sin a mbaineann an Scéim Mharcála Mhodhnaithe leo as a máistreacht ar chruinnúsáid ghnéithe ainmnithe den ghramadach. Ní chuirtear botúin litrithe san áireamh.

### Litriú:

Ní chuirtear litriú san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar chaighdeán Gaeilge an iarrthóra. I gcás earráidí litrithe, ní chuirfear línte dearga faoi dhrochlitriú in aon áit sa script - Cluastuiscint, Ceapadóireacht, Léamhthuiscint ná sna freagraí litríochta.

### Cruinneas na Gaeilge:

Maidir le **Gaeilge**, gearrfar pionós ar **bhotúin mhóra chomhréire** a chuireann struchtúr na teanga as riocht. Caithfear na gnéithe ainmnithe seo a leanas a chur san áireamh agus marc á bhronnadh ar an iarracht: Comhréir chruinn; Cruinnúsáid na Copaille; Cruinnúsáid aimsirí na mbriathra; Cruinnúsáid na réamhfocal...

Ní chuirtear na gnéithe seo a leanas den ghramadach san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar chaighdeán Gaeilge an iarrthóra: úsáid an uraithe; úsáid an tséimhithe; aontú ainmfhocal is aidiachtaí...

Cuirtear an Scéim Mharcála Mhodhnaithe i bhfeidhm sa mheasúnú ar Ghaeilge sna ranna seo a leanas:

- **An Chluastuiscint:** An mharcáil ar mheasúnú ar an nGaeilge [Gaeilge lochtach: 0-6 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]
- **Páipéar 1: Cuid II: An Cheapadóireacht** - An measúnú ar Chumas Gaeilge as 40 marc
- **Páipéar 2: Ceist 1: An Léamhthuiscint** - An measúnú a dhéantar ar chaighdeán na Gaeilge sna freagraí [Léamhthuiscint A: Gaeilge lochtach: 0 - 5 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh agus Léamhthuiscint B: Gaeilge lochtach: 0 - 5 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]
- **Páipéar 2: Ceist 2: An Prós** - An measúnú a dhéantar ar chaighdeán na Gaeilge sna freagraí próis [Gaeilge lochtach: 0 - 4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]
- **Páipéar 2: Ceist 3: An Filíocht** - An measúnú a dhéantar ar chaighdeán na Gaeilge sna freagraí filíochta [Gaeilge lochtach: 0 - 4 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh]

**Páipéar 1: Cuid II: An Cheapadóireacht** - an measúnú ar Chumas Gaeilge as 40 marc

<b>Aicme</b>	<b>Cur síos ar chatagóirí</b>	<b>Marc as 40</b>
Sármhaith	Cruinnúsáid shármhaith ghnéithe ainmnithe den ghramadach	34-40
An-mhaith	Cruinnúsáid an-mhaith ghnéithe ainmnithe den ghramadach	28-33
Maith	Cruinnúsáid mhaith ghnéithe ainmnithe den ghramadach	22-27
Maith go leor	Cruinnúsáid maith go leor ghnéithe ainmnithe den ghramadach	16-21
Lag	Cruinnúsáid lag ghnéithe ainmnithe den ghramadach	10-15
An-lag	Cruinnúsáid an-lag ghnéithe ainmnithe den ghramadach	4-9
Easnamhach	Cruinnúsáid easnamhach ghnéithe ainmnithe den ghramadach	0-3

Ní mór don scrúdaitheoir **“SMM i bhfeidhm-scrúd.”** a scríobh ar chlúdaigh na bhfreagarleabhar nuair a chuirtear an Scéim Mharcála Mhodhnaithe i bhfeidhm.



Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán

